



An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2022  
(OR. en)

10585/22

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2020/0278(COD)**

---

**FRONT 265  
IXIM 172  
CODEC 986  
COMIX 340**

### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

|                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
|-------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                            | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| chuig:                        | na toscaireachtaí                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
| Uimh. an doic.<br>roimhe seo: | 9726/1/22 REV 1                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
| Ábhar:                        | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817<br>– sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an sainordú maidir leis an togra thuasluaite, mar a d'fhorghaibh Coiste na mBuanionadaithe é ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Meitheamh 2022.

2020/0278 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus  
lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240  
agus (AE) 2019/817**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointí (b) agus (d)  
d’Airteagal 77(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh an limistéar Schengen chun go mbainfí amach cuspóir an Aontais maidir le limistéar gan [...] **teorainneacha** inmheánacha a bhunú ina n-áiríteofar saorghluaiseacht daoine, mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Braitheann dea-fheidhmiú an limistéir sin ar mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus ar bhainistiú éifeachtúil na teorann seachtraí.

- (2) Leagtar síos na rialacha lena rialaítear rialú teorann daoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha Bhallstát an Aontais i Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Cód Teorainneacha Schengen)<sup>1</sup> mar a glacadh faoi Airteagal 77(2)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). **In ainneoin na mbeart faireachais teorann atá á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar Bhallstáit dul i ngleic le trasnuithe teorann neamhúdaráithe a dhéanfadh náisiúnaigh tríú tír agus iad ag iarraidh seiceálacha teorann a sheachaint.** Chun beartas an Aontais a fhorbairt a thuilleadh d'fhonn seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine agus faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar thrasnú teorainneacha seachtracha dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 77 CFAE, ba cheart úsáid a bhaint as beartais bhreise chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina n-éiríonn le náisiúnaigh tríú tír seiceálacha teorann a sheachaint ag na teorainneacha seachtracha, **i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/399,** nó ina ndíbhordáiltear náisiúnaigh tríú tír i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála agus lena chois sin ina ndéanann [...] náisiúnaigh tríú tír **iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** ag pointe trasnaithe teorann gan na coinníollacha maidir le dul isteach a chomhlíonadh, **agus ina ndéanann náisiúnaigh tríú tír iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus ina mbaineann siad leas as údarú le dul isteach ar fhorais dhaonnúla nó i ngeall ar oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Airteagal 6(5)c de Rialachán (AE) 2016/399.** Is comhlánú agus sonrú ar Rialachán (AE) 2016/399 an rialachán seo maidir leis na trí chás sin.
- (3) Sna trí chás sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar na náisiúnaigh tríú tír a scagadh chun go mbeifear in ann iad a shainaithint i gceart agus chun go mbeifear in ann iad a tharchur go héifeachtúil chuig na nósanna imeachta ábhartha, nósanna imeachta a d'fhéadfadh, ag brath ar na himthosca, a bheith ina nósanna imeachta um chosaint idirnáisiúnta nó ina nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'Treoir um Fhilleadh')<sup>2</sup>. Ba cheart don scagadh na seiceálacha a dhéantar ag an teorainn sheachtrach a chomhlánú gan bhriseadh nó an dul timpeall a rinne na náisiúnaigh tríú tír ar na seiceálacha sin agus iad ag trasnú na teorann seachtraí a chomhlíonadh.
- (4) Ní hamháin go ndéanann an rialú teorann leas an Bhallstáit ar ag a theorainneacha seachtracha a chuirtear i gcrích é ach déanann sé leas na mBallstát go léir a bhfuil deireadh curtha acu le rialú ag teorainneacha inmheánacha. Ba cheart rialú teorann a bheith ina chuidiú chun an imirce neamhdhleathach, **smuigleáil** agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac agus aon bhaol don tslándáil inmheánach, don bheartas poiblí, don tsláinte phoiblí nó don chaidreamh idirnáisiúnta na mBallstát a chosc. Mar sin, is gnéithe tábhachtacha de chur chuige cuimsitheach maidir leis an imirce iad na bearta a dhéantar ag na teorainneacha seachtracha chun go mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le sreabhadh measctha d'imircigh **neamhrialta** agus daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta [...] **de dhíth orthu.**

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

<sup>2</sup> Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach a fhilleadh, IO L 348, 24.12.2008, lch. 98.

- (5) I gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399, leis an rialú teorann cuimsítear seiceálacha teorann a dhéantar ag pointí trasnaithe teorann agus faireachas teorann a dhéantar idir na pointí trasnaithe teorann chun cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír **an teorann a thrasnú nuair nach n-údaraítear sin faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/399 agus, dá bhrí sin**, dul timpeall ar sheiceálacha teorann. I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/399 duine a thrasnáigh teorainn ar bhealach neamhúdaraíthe agus nach bhfuil cead aige fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, déanfar an duine sin a ghabháil agus caithfear leis faoi réir na nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE. I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/399, ba cheart rialú teorann a dhéanamh gan dochar do chearta dídeanaithe agus daoine a iarrann cosaint idirnáisiúnta, go háirithe maidir le non-refoulement.
- (6) Bíonn ar ghardaí teorann aghaidh a thabhairt go minic ar náisiúnaigh tríú tír a iarrann cosaint idirnáisiúnta gan doiciméid taistil, i ndiaidh dóibh é a ghabháil agus faireachas teorann nó seiceálacha ag na pointí trasnaithe teorann á ndéanamh acu. Thairis sin, ag codanna áirithe den teorainn bíonn ar na gardaí teorann aghaidh a thabhairt ar [...] líon mór daoine ag plódú **isteach** ag an aon am amháin. Sna himthosca sin, tá sé iontach deacair a áirithiú go ndéanfar na bunachair sonraí ábhartha uile a cheadú agus an nós imeachta ábhartha um thearmann nó um fhilleadh a chinneadh láithreach.
- (7) Chun a áirithiú go láimhseálfar náisiúnaigh tríú go tapa **ag teorannacha seachtracha nó laistigh de chríoch na mBallstát**, ar náisiúnaigh tríú tír iad **nach ndearnadh seiceálacha teorann orthu ag teorannacha seachtracha na mBallstát**, agus ar daoine iad a bhfuil **iarratas déanta acu ar chosaint idirnáisiúnta ag pointí trasnaithe teorann nó i limistéir idirthurais gan na coinníollacha iontrála a chomhlíonadh** [...], ní mór creat níos láidre a chur ar fáil maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta difriúla a bhíonn freagrach as an rialú teorann, as an tsláinte phoiblí a chosaint, as scrúdú a dhéanamh ar an ngá le cosaint idirnáisiúnta agus as cur i bhfeidhm nósanna imeachta um fhilleadh.
- (8) Go háirithe, ba cheart an scagadh a bheith ina [...] **chuidiú** chun a áirithiú go dtarchuirfear na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann chuig na nósanna imeachta iomchuí ag an gcéim is luaithe is féidir agus go leanfar de na nósanna imeachta sin gan bhriseadh ná moill. Ag an am céanna, ba cheart an scagadh a bheith ina **chuidiú** chun dul i ngleic leis an gcleachtas ina n-éalaíonn [...] iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta [...] chun [...] **iarratais** a dhéanamh i mBallstát eile nó gan iarratas a dhéanamh ar chor ar bith. **Agus é á chur san áireamh gur cheart go rannchuideodh an scagadh le tarchur chuig na nósanna imeachta iomchuí a áirithiú, ba cheart na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a bheith gan dochar do na rialacha is infheidhme faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint idirnáisiúnta nó filleadh.**

- (9) Maidir leis na daoine sin a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart clárú an iarratais a chinneadh le hAirteagal 6 [...] de Threoir 2013/32 maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an ngá le cosaint idirnáisiúnta ach an scagadh a bheith críochnaithe. A bhuí leis an scagadh ba cheart a bheith in ann faisnéis a bhailiú agus a roinnt leis na húdaráis atá inniúil chun an scrúdú sin a dhéanamh, ar faisnéis í atá ábhartha chun go sainaithneoidh na húdaráis an nós imeachta iomchuí maidir leis an iarratas a scrúdú, agus dlús a chur leis an scrúdú dá bharr. Ba cheart a áirithiú leis an scagadh freisin go sainaithneofar daoine **leochaileacha** [...] go luath, ionas go gcuirfear aon riachtanas **sonracha** [...] san áireamh go hiomlán agus an nós imeachta is infheidhme á chinneadh agus á shaothrú.
- (10) Ba cheart na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a bheith gan dochar do na forálacha a bhaineann le freagracht as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. **604/2013 (Rialachán Bhaile Átha Chliath III)**[...].
- (11) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát arna ngabháil i ndáil le trasnú neamhúdaraíthe a dhéanamh ar talamh, ar muir nó san aer ar teorainn sheachtrach Bhallstáit, seachas náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil sé de cheangal ar an mBallstát a gcuid sonraí bithmhéadracha a thógáil de bhun [Airteagal 13...](1) agus (3) de Rialachán (AE) **XXX/XXX (Rialachán EURODAC III)** ar chúiseanna eile seachas aois, agus maidir le daoine a dhíbhdáiltear i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, gan beann ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. **Maidir leis an gcatagóir deiridh sin de dhaoine, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin sin a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát de réir an dlí idirnáisiúnta maidir le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála.** Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu ag pointí trasnaithe teorann nó i limistéir idirthurais gan na coinníollacha maidir le dul isteach a chomhlíonadh.
- (12) **I bprionsabal, ba cheart an scagadh a dhéanamh ag an teorainn sheachtrach nó gar di. Is féidir é a dhéanamh ag suíomhanna ainmnithe eile, áfach, go háirithe i gcás nach bhfuil saoráidí iomchuí ag an teorann nó i gcás ina bhfuil daoine sna saoráidí sin cheana féin[...].** Ba cheart do na Ballstáit [...] **forálacha a leagan síos ina ndlí náisiúnta chun [...] a áirithiú go mbeidh na náisiúnaigh tríú tír sin sna suíomhanna ainmnithe le linn an scagtha chun éalú a chosc.** I gcásanna aonair, más gá, féadfar coinneáil a áireamh leis na bearta sin, **chomh maith le bearta malartacha eile lenar féidir an cuspóir céanna a áirithiú,** faoi réir an dlí náisiúnta lena rialaítear an t-ábhar sin. **Maidir le coinneáil, ba cheart é a bheith riachtanach, comhréireach agus faoi réir leigheas éifeachtach i gcónaí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais, agus níor cheart go rachadh sé thar an tréimhse dá bhforáiltear sa chreat rialála náisiúnta.** Tar éis na tréimhse sin, bheadh feidhm ag bearta malartacha. Ba cheart na náisiúnaigh tríú tír atá le dul faoi scagadh a bheith faoi réir na n-údarás um scagadh fad a mhairfidh an scagadh. I gcás ina n-éalóidís ó na húdaráis sin, d'fhéadfaí pionós a ghearradh orthu i gcás ina bhforáiltear dó sa dlí náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais. Chomhlánódh na pionóis sin an creat a leagtar amach le Rialachán (AE) 2016/399 agus ba cheart iad a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart scagadh laistigh den chríoch a dhéanamh in aon suíomh iomchuí.

- (13) A luaithe atá sé soiléir le linn an scagtha go gcomhlíonann náisiúnach tríú tír atá le dul faoi scagadh na coinníollacha in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399, ba cheart [...] **deireadh** a chur leis an scagadh agus ba cheart údarú a thabhairt don náisiúnach tríú tír lena mbaineann dul isteach sa chríoch, gan dochar do chur i bhfeidhm pionós dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den rialachán sin.
- (14) I bhfianaise chuspóir an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2016/399, na daoine sin a bhfuil údarú tugtha ag Ballstát dóibh dul isteach faoin bhforáil sin i gcinneadh aonair, níor cheart, cé nach gcomhlíonann siad na coinníollacha uile maidir le dul isteach, iad a chur faoin scagadh **ach amháin má dhéanann siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta**.
- (15) Na daoine ar fad atá le dul faoi scagadh ba cheart seiceálacha a dhéanamh orthu, **lena n-áirítear agallaimh, i gcás inarb iomchuí**, chun a gcéannacht a shuíomh **nó a fhíorú** agus chun a dheimhniú nach mbaineann [...] **riosca slándála leo ná nach mbeidh siad ina mbaol don tslándáil ná don tsláinte poiblí**. I gcás daoine a [...] **bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar chosaint idirnáisiúnta** ag pointí trasnaithe teorann, ba cheart na seiceálacha céannachta agus slándála a dhéantar i gcomhthéacs seiceálacha teorann a chur san áireamh chun dúbláil a sheachaint.
- (16) Nuair a bheidh an scagadh críochnaithe, ba cheart na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a tharchur chuig an nós imeachta ábhartha chun freagracht a bhunú as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú, **agus Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (Rialachán Bhaile Átha Cliath III) á urramú**, agus chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint idirnáisiúnta, **agus Treoir 2013/32/AE (Nósanna Imeachta maidir le Tearmann) á hurramú**, nó ba cheart iad a chur faoi réir nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115 (athmhúnlú) (treoir um fhilleadh), de réir mar is iomchuí. [...]
- (17) Ach an scagadh a bheith críochnaithe, d'fhéadfaí iad a athshocrú freisin [...] faoi shásra dlúthpháirtíochta [...].

- (18) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2016/399, is le stampa dul isteach ar an doiciméad taistil a léirítear comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le dul isteach agus an t-údarú maidir le dul isteach. Dá bhrí sin, mura bhfuil an stampa sin nó doiciméad taistil aige, féadfar a mheas nach gcomhlíonann an sealbhóir na coinníollacha maidir le dul isteach. Nuair a chuirfear tús le hoibríocht an Chórais Dul Isteach/Imeachta, cuirfear córas leictreonach ann in ionad stampaí agus beidh an toimhde sin níos iontaofa dá bharr. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an scagadh a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá laistigh den chríoch cheana féin agus nach bhfuil sé ar a gcumas a chruthú go gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le dul isteach i gcríoch na mBallstát. Tá sé riachtanach scagadh a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír, ar shroicheadh an limistéir Schengen dóibh, chun na seiceálacha a chúiteamh cionn is gur dócha gur sheachain siad na seiceálacha dul isteach agus nach bhféadfadh sé a bheith, dá bhrí sin, gur diúltaíodh cead isteach dóibh nó gur tarchuireadh chuig an nós imeachta iomchuí iad i ndiaidh an scagtha. Dá gcuirfí an scagadh i bhfeidhm trí na bunachair sonraí dá dtagraítear sa Rialachán seo a cheadú, d'fhéadfadh sé cuidiú lena dheimhniú nach mbaineann [...] **riosca slándála** leis na daoine lena mbaineann. Nuair a bheith an scagadh curtha i gcrích laistigh den chríoch, ba cheart nós imeachta um fhilleadh a chur i bhfeidhm maidir leis na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann nó, i gcás go ndéanann siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, faoi an nós imeachta tearmainn iomchuí. Ba cheart scagadh iolrach ar an náisiúnach tríú tír céanna a sheachaint a mhéid is féidir.
- (18a) **I gcás ina ndéantar náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a ghabháil nó a idircheapadh ag teorainn inmheánach nó i ngarchomharsanacht na teorann inmheánaí, agus nach léir gur thrasnaigh an duine an teorainn sheachtrach ar bhealach údaraithe nó go ndearnadh scagadh ar an duine cheana féin, ní fhéadfaidh na Ballstáit gabhála scagadh a chur i bhfeidhm má ghlacann Ballstát eile an duine sin ar ais faoi chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó faoi chreat comhair sonracha, mar shampla an nós imeachta maidir le haistriú a leagtar amach in Airteagal 32a de Rialachán (AE) 2016/399.**
- Ba cheart don Bhallstát a ghlac an náisiúnach tríú tír ar ais an scagadh a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, áfach, ní mór an náisiúnach tríú tír a aistriú láithreach tar éis na gabhála nó an idircheaptha, chun a áirithiú go gcuirfear tús leis an scagadh gan mhoill.**
- (18b) **Tá an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena gcumhdaítear náisiúnaigh tríú tír a shainaithint, ar ina leith atá amhras go bhfuil siad ag fanacht i mBallstát go neamhdhleathach, chun taighde a dhéanamh laistigh de thréimhse ghairid ach réasúnta ar an bhfaisnéis lena féidir neamhdhleathacht nó dleathacht an fhanachta a chinneadh.**
- (18c) **Gan dochar do na rialacha maidir le rialú teorann is infheidhme ag teorannacha inmheánacha na mBallstát nach bhfuil cinneadh déanta go fóill deireadh a chur leis na rialuithe sin, ba cheart scagadh na náisiúnach tríú tír a ghabhtar i ndáil le trasnú neamhúdaraithe na dteorainneacha inmheánacha sin nár cuireadh deireadh leis na rialuithe go fóill, ba cheart an scagadh sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú ag an Rialachán maidir le scagadh laistigh den chríoch, seachas leis na rialacha arna mbunú le haghaidh scagadh ag na teorainneacha seachtracha.**

- (19) Ba cheart an scagadh a chur i gcrích a luaithe is féidir, agus níor cheart an scagadh leanúint ar aghaidh níos faide ná 5 lá. **Féadfaidh na Ballstáit tréimhse níos giorra a leagan síos ina reachtaíocht náisiúnta, ar choinníoll go n-áirithítear leis sin go ndéanfar na seiceálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.** [...] Ba cheart aon síneadh ar an teorainn ama 5 lá a fhorchoimeád do chásanna eisceachtúla ag na teorainneacha seachtracha, i gcás nach bhfuil sé ar acmhainn an Bhallstáit an scagadh a láimhseáil ar chúiseanna nach mbeadh neart aige orthu [...].
- (20) Ba cheart do na Ballstáit suíomhanna iomchuí a chinneadh chun an scagadh a dhéanamh ag an teorainn sheachtrach nó gar di **nó ag aon suíomh ainmnithe eile**, agus an limistéar geografach agus an bonneagar atá ann cheana á gcur san áireamh, chun a áirithiú gur féidir náisiúnaigh tríú tír a gabhadh, chomh maith leo siúd a chuireann iad féin ar láimh ag pointe trasnaithe teorann, a chur faoi scagadh gan mhoill. Is féidir na tascanna a bhaineann leis an scagadh a dhéanamh ag teophointí dá dtagraítear i bpointe (23) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup>. **Maidir leis an scagadh laistigh den chríoch, ba cheart do na Ballstáit suíomhanna iomchuí ina gcríoch a chinneadh.**
- (21) Chun cuspóirí an scagtha a bhaint amach, ba cheart dlúthchomhar a áirithint idir na ndaoine a leanas: na húdaráis náisiúnta inniúla dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán 2016/399, **iad siúd atá rannpháirteach i nósanna imeachta maidir le tearmann agus atá freagrach as iarratasóirí a ghlacadh**, [...] agus iad siúd atá freagrach as na nósanna imeachta um fhilleadh lena n-urramaítear Treoir 2008/115 a chur i gcrích. Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag na húdaráis cosanta leanaí sa scagadh chomh maith in aon chás ar gá chun a áirithiú go gcuirfead leas an linbh san áireamh i gcaitheamh an scagtha. Ba cheart a cheadú do na Ballstáit leas a bhaint as tacaíocht ó na gníomhaireachtaí ábhartha, go háirithe an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann], laistigh de theorainneacha a sainorduithe. Ba cheart do na Ballstáit na Rapóirtéirí náisiúnta Frithgháinneála **nó sásraí coibhéiseacha** a rannpháirtiú nuair a nochtann an scagadh fíricí is ábhartha don gháinneáil i gcomhréir le Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>4</sup>.
- (22) Agus an scagadh á dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh agus a áirithiú go n-urramaítear dínit an duine agus níor cheart dóibh aon idirdhealú a dhéanamh ar dhuine de réir aon fhorais amhail gnéas, cine, dath, bunús ciníoch nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, mionlach náisiúnta, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar leas an linbh.

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

<sup>4</sup> Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, IO L 101, 15.4.2011, lch. 1.

- (23) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta le linn an scagtha, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha, ba cheart do gach Ballstát [...] **foráil a dhéanamh maidir le** sásra faireacháin agus coimircí leordhóthanacha a chur ar bun chun neamhspleáchas an tsásra sin a áirithiú. **Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit dul i muinín sásraí faireacháin náisiúnta um chearta bunúsacha atá ann cheana agus lena ndéantar foráil maidir le coimircí lena n-áirithítear a neamhspleáchas.** Ba cheart go háirithe an urraim do chearta bunúsacha i ndáil leis an scagadh a chumhdach leis an sásra faireacháin, agus an urraim do na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le coinneáil agus comhlíonadh phrionsabal an non-refoulement dá dtagraítear in Airteagal 3(b) de Rialachán (AE) 2016/399. Ba cheart don Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha treoir ghinearálta a leagan síos maidir leis an sásra faireacháin sin a bhunú agus a neamhspleáchas a áirithiú. Ba cheart a cheadú do na Ballstáit tacaíocht a iarraidh ar an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha chun a sásra faireacháin náisiúnta a fhorbairt. Ba cheart a cheadú do na Ballstáit freisin comhairle a lorg ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha maidir le modheolaíocht don sásra faireacháin sin a bhunú agus maidir le bearta oiliúna iomchuí. Ba cheart a cheadú do na Ballstáit freisin a iarraidh ar eagraíochtaí agus comhlachtaí náisiúnta, idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha atá ábhartha agus inniúil a bheith rannpháirteach san fhaireachán. Ba cheart an sásra faireacháin neamhspleách a bheith gan dochar don fhaireachán ar chearta bunúsacha arna sholáthar ag lucht faireacháin ar chearta bunúsacha de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1896. Ba cheart do na Ballstáit liomhaintí maidir le sáruithe ar na cearta bunúsacha le linn an scagtha a fhiosrú, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéileálfar le gearáin go gasta agus ar bealach iomchuí.
- (24) **A luaithe is féidir, agus faoi dheireadh an scagtha ar a dhéanaí,** ba cheart do na húdaráis atá freagrach as an scagadh foirm [...] **scagtha a líonadh isteach ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile a bailíodh nó an fhaisnéis sin a chur san áireamh ar an bhfoirm athshocraithe.** Ba cheart an fhoirm a tharchur **trí aon mheán iomchuí, lena n-áirítear uirlisí digiteacha,** chuig na húdaráis a bhfuil scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar bun acu nó chuig na húdaráis atá inniúil maidir le **nósanna imeachta um** fhilleadh – ag brath ar cé chuige a tharchuirfear an duine aonair. [...] **Níor cheart go gcuirfeadh deireadh an scagtha cosc ar na húdaráis, i gcás inarb iomchuí, leanúint de ghníomhaíochtaí chun céannacht an duine lena mbaineann a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann.**
- (25) Ba ceart do na húdaráis inniúla na sonraí bithmhéadracha a tógadh le linn an scagtha, agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagail [...] **[10, 13, 14, agus 14a de Rialachán Eurodac III]** a tharchur chuig Eurodac i gcomhréir leis na spriocdhátaí dá bhforáiltear sa Rialachán sin.

- (26) Ba cheart réamhscrúdú [...] sláinte a dhéanamh ar [...] gach duine a chuirtear faoin scagadh ag na teorainneacha seachtracha d'fhonn daoine a shainaithint ar a bhfuil cúraim sláinte de dhíth láithreach nó ar gá bearta eile a dhéanamh ina leith, leithlisiú ar fhorais sláinte poiblí mar shampla. [...]. Más léir ó na himthosca nach gá an **scrúdú** sin a dhéanamh, go háirithe toisc go bhfuil an chuma air go bhfuil an duine i mbarr a shláinte, níor cheart an [...] **scrúdú** a dhéanamh agus ba cheart an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoi sin. **De mhaolú air sin agus in imthosca eisceachtúla a bhaineann le líon na náisiúnach tríú tír ar gá dóibh dul faoi scagadh, agus bunaithe ar riocht foriomlán an duine, féadfaidh na húdaráis scagtha a chinneadh, faoi mhaoirseacht foirne leighis cáilithe, nach gá an réamhsheiceáil sláinte a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás ina mbaintear úsáid as an maolú sin.** Ba cheart [...] d'fhoireann leighis cáilithe de chuid an Bhallstáit lena mbaineann an réamhscrúdú [...] sláinte a dhéanamh. [...]
- (26a) **Le linn an scagtha, ba cheart seiceáil leochaileachta a dhéanamh chun aon tásca leochaileachta a shainaithint gan dochar do mheasúnú breise i nósanna imeachta a dhéanfar ina dhiaidh sin tar éis an scagtha a chur i gcrích. Ba cheart riachtanais shonracha mionaoiseach agus daoine leochaileacha a chur san áireamh.**
- (27) Le linn an scagtha, ba cheart a ráthú do gach duine lena mbaineann caighdeán maireachtála a chomhlíonann Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus rochtain a bheith acu ar chúram sláinte éigeandála agus ar chóir leighis riachtanach i gcás galair. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine aonair leochaileacha, mar shampla mná torracha, daoine scothaosta, teaghlaigh aontuismitheora, daoine atá faoi mhíchumas meabhrach nó fisiciúil atá inaitheanta láithreach, daoine ar léir gur fhulaing siad tráma síceolaíoch nó tráma fisiciúil agus mionaoisigh neamhthionlactha. Go háirithe, i gcás mionaoisigh, ba cheart faisnéis a chur ar fáil ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus oiriúnach dá aois. Na húdaráis uile a bhfuil baint acu le comhlíonadh na gcúraimí a bhaineann leis an scagadh, ba cheart dóibh **aon chás de staid leochaileachtaí a chonacthas nó a bhfuarthas tuairisc ina leith a thuairisciú**, urraim a bheith acu do dhínit an duine agus don phríobháideachtas, agus staonadh ó aon ghníomh nó iompar idirdhealaitheach.
- (28) Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh na doiciméid chéannachta agus taistil is gá ag náisiúnaigh tríú tír atá ag dul faoi scagadh chun an teorainn sheachtrach a thrasnú go dleathach, ba cheart foráil maidir le nós imeachta um shainaithint nó **um fhíorú** mar chuid den scagadh.

- (29) Bunaíodh an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta ('CIR') le Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht)<sup>5</sup> chun cuidiú le ceart-sainaithint na ndaoine atá cláraithe sa Chóras Dul Isteach/Imeachta ('EES'), sa Chóras Faisnéise Víosáí ('VIS'), sa Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ('ETIAS'), in Eurodac agus sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Chóiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír ('ECRIS-TCN'), lena n-áirítear daoine nach eol cé hiad agus nach bhfuil in ann a gcéannacht a léiriú, agus an tsainaithint sin a éascú. Chun na críche sin, níl in CIR ach na sonraí céannachta, an doiciméad taistil agus na sonraí bithmhéadracha a thaifeadtar in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN, arna scaradh go loighciúil. Níl stóráilte in CIR ach na sonraí pearsanta atá fíor-riachtanach chun seiceáil chruinn a dhéanamh ar an gcéannacht. Ní choinnítear na sonraí pearsanta a thaifeadtar in CIR níos faide ná mar atá fíor-riachtanach chun críocha na gcóras foluiteach agus ba cheart iad a scriosadh go huathoibríoch nuair a scriostar na sonraí sna córais fholuiteacha. Le ceadú CIR is féidir daoine a shainaithint ar bhealach iontaofa uileghabhálach, trí bhíthin é a bheith indéanta na sonraí céannachta uile in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN a cheadú in aon iarraidh amháin, ar bhealach gasta iontaofa, agus uasleibhéal cosanta ar na sonraí á áirithiú agus aon phróiseáil neamhriachtanach nó dúbláil sonraí a sheachaint.
- (30) Chun céannacht na ndaoine sin atá le dul faoi scagadh a shuíomh, ba cheart tús a chur le fíorú in CIR i láthair an duine le linn an scagtha. Le linn an fhíoraithe sin, ba cheart sonraí bithmhéadracha an duine a chur i gcomparáid leis na sonraí in CIR. I gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha duine a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach ar na sonraí sin, d'fhéadfaí an cuardach a dhéanamh le sonraí céannachta an duine i dteannta sonraí doiciméid taistil, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil. I gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus i gcás ina léireoidh an cuardach go bhfuil sonraí an duine sin stóráilte in CIR, ba cheart rochtain a bheith ag údarais na mBallstát ar shonraí céannachta, sonraí doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha an duine sin in CIR lena gceadú, gan CIR aon eolas a thabhairt faoi cén córas faisnéise de chuid an Aontais lena mbaineann na sonraí.
- (31) Ós rud é go bhfuil úsáid CIR chun críoch aitheantais teoranta le Rialachán (AE) 2019/817 do cheart-sainaithint daoine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN a éascú agus cabhrú leis sin i gcásanna seiceálacha póilíneachta laistigh de chríoch na mBallstát, ní mór an Rialachán sin a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh CIR a úsáid chun daoine a shainaithint le linn an scagtha arna bhunú leis an Rialachán seo.
- (32) Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh aon doiciméad taistil ag a lán daoine agus iad á gcur faoin scagadh, ba cheart rochtain a bheith ag na húdarais a bhfuil an scagadh ar bun acu ar aon doiciméad ábhartha eile atá ag an duine lena mbaineann i gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha an duine sin a úsáid nó nach bhfuil aon toradh in CIR. Ba cheart cead a bheith ag na húdarais freisin sonraí ó na doiciméid sin, seachas sonraí bithmhéadracha, a úsáid chun seiceálacha a dhéanamh sna bunachair sonraí ábhartha.

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, IO L 135, 22.5.2019, lch. 27.

- (33) Nuair a dhéanann na húdaráis daoine a shainaithint le linn seiceálacha teorann ag an bpointe trasnaithe teorann nó na bunachair sonraí a cheadú i gcomhthéacs faireachais teorann nó seiceálacha póilíneachta ag an teorainn sheachtrach, agus gurb iad na húdaráis chéanna iad a chuir an duine lena mbaineann ar aghaidh lena scagadh, ba cheart a mheas gur chuid den scagadh é sin agus níor cheart é a dhéanamh arís, seachas i gcás ina bhfuil imthosca speisialta ann a thugann údar maith leis sin.
- (34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme Airteagail 11([...]4) agus 12([...]8) den Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup>. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh.
- (35) Ba cheart a mheasúnú sa scagadh freisin an bhféadfadh dul isteach an náisiúnaigh tríú tír chuig an Aontas a bheith ina **riosca slándála** [...].
- (36) Ós rud é go mbaineann an scagadh le daoine a chuireann iad féin ar láimh ag an teorainn sheachtrach gan na coinníollacha iontrála a chomhlíonadh, nó a dhíbhordáiltear i ndiaidh oibríocht chuardaigh agus tarrthála, ba cheart leibhéal comhionann a bheith ag na seiceálacha slándála a dhéantar mar chuid den scagadh agus na seiceálacha a dhéantar i leith náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas roimh ré ar údarú dul isteach san Aontas le haghaidh gearrfhanachta, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil siad faoi oibleagáid víosa.
- (37) Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa ar bhonn a náisiúntachta faoi Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup>, foráiltear le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup> (Rialachán ETIAS) go mbíonn orthu cur isteach ar údarú taistil chun teacht chuig an Aontas le haghaidh tréimhse ghearrfhanachta. Sula bhfaighidh na daoine lena mbaineann an t-údarú taistil sin, déanfar seiceálacha slándála ar na sonraí pearsanta a chuirfidh siad isteach i roinnt bunachar sonraí de chuid an Aontais – Córas Faisnéise Víosaí (VIS), Córas Faisnéise Schengen (CFS), Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), na sonraí Europol a próiseáladh chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/794<sup>9</sup>, ECRIS-TCN<sup>10</sup> – agus bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte (SLTD) agus bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil lena mbaineann Fógraí (Interpol TDAWN).

<sup>6</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhacht cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

<sup>9</sup> Rialachán (AE) 2016/794 an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle, agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lgh. 53–114).

<sup>10</sup> Rialachán (CE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS-TCN) a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lgh. 1–26).

- (38) Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais víosa faoi Rialachán (AE) 2018/1806, déanfar seiceálacha slándála orthu sna bunachair sonraí céanna a úsáidtear chun seiceálacha a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa, de bhun Rialachán (AE) 810/2009 agus Rialachán (AE) 767/2008 sula n-eiseofar víosa.
- (39) Is é a thagann as an réasúnaíocht arna forbairt in aithris (36) maidir le daoine atá le dul faoi scagadh gur cheart fíoruithe uathoibríocha a dhéanamh chun críoch slándála sna córais chéanna dá bhforáiltear maidir le hiarratasóirí ar víosaí nó ar údarú taistil faoin gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil: VIS, EES, ETIAS, SIS, ECRIS-TCN, SLTD agus TDAWN de chuid Europol agus Interpol. Na daoine a chuirtear faoi scagadh ba cheart iad a sheiceáil chomh maith in ECRIS-TCN maidir le daoine a ciontaíodh as cionta sceimhlitheoireachta nó cineálacha eile cionta coiriúla tromchúiseacha, sonraí Europol dá dtagraítear in aithris 38 roimhe seo, bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte agus bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil lena mBaineann Fógraí (TDAWN).
- (40) Ba cheart na seiceálacha sin a dhéanamh ar bhealach a áiríteoidh nach n-aisghabhfar ó na bunachair sonraí sin ach na sonraí is gá chun na seiceálacha slándála a dhéanamh. Maidir le daoine a [...] bhfuil **iarratas déanta acu** ar chosaint idirnáisiúnta ag pointe trasnaithe teorann, ba cheart, leis an gceadú a dhéantar sna bunachair sonraí don tseiceáil slándála mar chuid den scagadh, díriú ar na bunachair sonraí nár ceadaíodh le linn na seiceálacha teorann ag an teorainn sheachtrach, ionas nach ndéanfar ceaduithe iolracha.
- (41) I gcás ina mbeadh údar maith leis, [...] d'fhéadfaí réada atá i seilbh náisiúnach tríú tír a fhíorú mar chuid den scagadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart aon bheart a chuirfeadh i bhfeidhm sa chomhthéacs sin a bheith comhréireach agus ba cheart urraim a thabhairt do dhínit na ndaoine atá le dul faoin scagadh. Ba cheart do na húdaráis rannpháirteacha a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha na ndaoine aonair lena mbaineann, lena n-áirítear an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun saoirse tuairimí a nochtheadh.
- (42) Ós rud é gur gá rochtain ar EES, ETIAS, VIS agus ECRIS-TCN a bheith ag na húdaráis a ainmníodh chun an scagadh a dhéanamh chun a shuí an bhféadfadh an duine a bheith ina [...] **riosca slándála**, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) Uimh. 2019/816, faoi seach, a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis an gceart breise rochtana, rud nach bhforáiltear sna Rialacháin sin faoi láthair. I gcás Rialachán (AE) Uimh. 2019/816, ba cheart, ar chúiseanna na geoiméadrachta athraithí, an leasú sin a dhéanamh trí rialachán eile seachas tríd an rialachán seo.

- (43) Ba cheart úsáid a bhaint as an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), arna bunú le Rialachán (AE) 2019/817 chun cuardaigh a dhéanamh sna bunachair sonraí Eorpacha, EES, ETIAS, VIS agus ECRIS-TCN agus **sonraí Europol**, chun críche aitheantais agus **fíoraithe**, nó chun críche seiceálacha slándála, de réir mar is infheidhme.
- (44) Ós rud é go bhfuil cur chun feidhme éifeachtach an scagtha ag brath ar cheart-sainaitheint na ndaoine lena mbaineann agus a gcúlra slándála, tá údar maith le bunachair sonraí Eorpacha a cheadú chun na críche sin ar son na gcuspóirí céanna dar bunaíodh gach ceann de na bunachair sonraí sin, is é sin le rá, bainistiú éifeachtach teorainneacha seachtracha an Aontais, slándáil inmheánach an Aontais agus cur chun feidhme éifeachtach bheartais tearmainn an Aontais agus a bheartais um fhilleadh freisin.
- (44a) **Is féidir bunachair sonraí náisiúnta a sheiceáil sa chomhthéacs sin freisin aon uair a údaraítear fiosruithe den sórt sin leis an dlí náisiúnta.**
- (44b) **Chun an oibleagáid atá orthu seiceálacha céannachta agus slándála a dhéanamh le linn an scagtha a chomhlíonadh, beidh na Ballstáit nach gcuireann roinnt forálacha de *acquis* Schengen i bhfeidhm ina n-iomláine go fóill agus nach bhfuil rochtain acu, dá bhrí sin, ar chórais agus ar bhunachair sonraí uile an Aontais, freagrach as na seiceálacha céannachta agus slándála a dhéanamh trí chuardaigh i gcórais agus bunachair an Aontais a bhfuil rochtain acu orthu, agus sna córais agus bunachair sonraí sin amháin.**
- (45) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, is é sin neart a chur le rialú ar dhaoine [...] **ag na teorannacha seachtracha** agus na daoine sin a tharchur chuig na nósanna imeachta iomchuí, ní mór rialacha comhchoiteanna a bhunú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (46) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

- (47) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle<sup>11</sup>; Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (48) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle<sup>12</sup>.
- (49) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle<sup>13</sup>.

---

<sup>11</sup> Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

<sup>12</sup> Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

<sup>13</sup> Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

- (50) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CEarna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle<sup>14</sup>.
- (51) [...] Is é atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen, nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach,
- (51a) I dtaca leis an gCipir, le Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais, foráiltear do rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an líne idir limistéir Phoblacht na Cipire ina bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire an rialú éifeachtach agus na limistéir sin nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire an rialú éifeachtach iontu. Faoin Rialachán seo, cé nach teorainn sheachtrach atá sa líne, déanfar seiceálacha ar gach duine a thrasnaíonn an líne trí phointe trasnaithe údaráithe nó neamhúdaráithe d'fhonn inimirce neamhdhleathach náisiúnach tríú tír a chomhrac agus aon riosca slándála a bhrath agus a chosc. Dá bhrí sin, féadfaidh feidhm a bheith ag scagadh faoi Airteagal 3 freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír a ghabhtar i ndáil leis an líne a thrasnú go neamhúdaráithe agus maidir leo siúd a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu ag na pointí trasnaithe údaráithe.**

---

<sup>14</sup> Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ábhar [...]

**Chun an rialú ar dhaoine ag na teorannacha seachtracha a neartú, [...] bunaítear leis an Rialachán seo an scagadh [...] ar náisiúnaigh tríú tír, ag na teorainneacha seachtracha nó ar chríocha na mBallstát, nach ndearnadh seiceálacha teorann orthu ag teorannacha seachtracha na mBallstát, agus orthu siúd a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu ag pointí trasnaithe teorann nó i limistéir idirthurais, gan na coinníollacha maidir le dul isteach a bheith comhlíonta acu.**

[...]

Is é is [...] **cuspoir** don scagadh gach náisiúnach tríú tír a théann faoi a shainaithint agus fíorú a dhéanamh sna bunachair sonraí ábhartha nach bhfuil [...] an duine [...] ina **riosca slándála** [...]. Déanfar seiceálacha sláinte freisin mar chuid den scagadh, i gcás inarb iomchuí, chun daoine [...]ar a bhfuil [...] cúram sláinte de dhíth **ar an bpointe agus** [...] na daoine a chuirfeadh an tsláinte phoiblí i mbaol a shainaithint, **chomh maith le seiceálacha leochaileachta chun daoine leochaileacha a shainaithint.** Beidh na seiceálacha sin ina gcuidiú chun na daoine sin a tharchur chuig an nós imeachta iomchuí.

[...]

## Airteagal 2

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn ‘trasnú neamhúdairithe na teorann seachtraí’ teorainn sheachtrach Bhallstáit a thrasnú ar talamh, ar muir nó san aer ag áiteanna nach pointí trasnaithe teorann iad nó ag uaireanta nach iad na huaireanta oscailte seasta iad, dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2016/399;
2. ciallaíonn ‘baol don tsláinte phoiblí’ baol [...] don tsláinte phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 21, de Rialachán (AE) 2016/399 é;
3. ciallaíonn ‘fíorú’ an próiseas [...] **dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/817;**
4. ciallaíonn ‘sainaithint’ an próiseas [...] **dá dtagraítear in Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2019/817;**
5. ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus ar duine é nach bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige faoi dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 2, pointe 5 de Rialachán (AE) 2016/399;
6. **ciallaíonn ‘riosca slándála’ an riosca dá dtagraítear in Airteagal 3(1) (6) de Rialachán (AE) 2018/1240 ETIAS;**
7. **ciallaíonn ‘sonraí Europol’ sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(16) de Rialachán (AE) 2019/817;**
8. **ciallaíonn ‘sonraí bithmhéadracha’ sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4 (11) de Rialachán (AE) 2019/817 ETIAS;**
9. **ciallaíonn ‘bunachair sonraí Europol’ sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(17) de Rialachán (AE) 2019/817;**
10. **ciallaíonn ‘daoine leochaileacha’ daoine dá dtagraítear in Airteagal 3(9) de Threoir 2008/115 CE;**
11. **ciallaíonn ‘údaráis scagtha’ gach údarás inniúil arna ainmniú faoin dlí náisiúnta chun ceann amháin nó níos mó de na cúraimí faoin Rialachán seo a dhéanamh seachas na seiceálacha sláinte a leagtar síos in Airteagal 9(1);**
12. **ciallaíonn ‘oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála’ oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála dá dtagraítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir, 1979, a glacadh in Hamburg na Gearmáine an 27 Aibreán 1979.**

### Airteagal 3

#### Scagadh ag an teorainn sheachtrach

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na náisiúnaigh tríú tír uile, gan beann ar **iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith déanta acu**, ar daoine iad:
  - (a) a ghabhtar i ndáil le teorainn sheachtrach Bhallstáit a thrasnú go neamhúdaraith ar talamh, ar muir nó san aer, seachas náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit a gcuid sonraí bithmhéadracha a thógáil de bhun [Airteagal [...] 13(1) agus (3)] de [...] **[Rialachán (AE) XXX/XXX (Rialachán EURODAC III)]** ar chúiseanna eile seachas aois, nó
  - (b) a dhíbhordáiltear ar chríoch Bhallstáit i ndiaidh oibríocht chuardaigh agus tarrthála **nach gcomhlíonann na coinníollacha iontrála a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399.**

[...]
2. **Beidh feidhm ag an Rialachán seo** [...] maidir leis na náisiúnaigh tríú tír uile **a rinne iarratas [...]** ar chosaint idirnáisiúnta ag pointí trasnaithe teorann seachtraí nó i limistéir idirthurais agus nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399.
3. Tá an scagadh gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2016/399, seachas i gcás ina mbeidh tairbhí cinnidh aonair, arna eisiúint ag an mBallstát bunaithe ar Airteagal 6(5)(c) den Rialachán sin, ag lorg cosaint idirnáisiúnta.

## Airteagal 3a – NUA

### *Gaol le hionstraimí dlí eile*

1. Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá le dul faoi scagadh agus a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu
  - a) cinntear clárú an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/32 maidir le Níosanna Imeachta Tearmainn [...] de réir Airteagal 6(1) agus (5) den Treoir sin
  - b) is le [Airteagal 3] den Treoir sin a chinntear cur i bhfeidhm na gcaighdeán comhchoiteann maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta faoin Treoir maidir le Dálaí Glactha (Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú)).
2. Gan dochar do chur i bhfeidhm forálacha maidir le cosaint idirnáisiúnta, ní bheidh feidhm ag Treoir 2008/115/CE, ná ag forálacha náisiúnta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE, go dtí go mbeidh deireadh leis an scagadh, cé is moite den scagadh dá dtagraítear in Airteagal 5, i gcás ina mbeidh feidhm acu i gcomhthráth leis an scagadh dá dtagraítear san Airteagal sin.

### *Airteagal 4*

#### *Údarú dul isteach ar chríoch Bhallstáit*

1. Le linn an scagtha, ní bheidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 3, míreanna 1 agus 2, údaraithe dul isteach ar chríoch Bhallstáit.

**Leagfaidh na Ballstáit síos ina ndlí náisiúnta forálacha chun a áirithiú go bhfanfaidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 3, míreanna 1 agus 2 faoi réir na n-údarás inniúil sna suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 6, fad a mhairfidh an scagadh chun aon riosca éalaithe, rioscaí slándála a d'fhéadfadh teacht as, nó rioscaí don tsláinte phoiblí a d'fhéadfadh a bheith ann, a chosc.**

2. [...].

**Féadfar deireadh a chur leis an scagadh nuair a fhágann an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát, le dul chuig a thír thionscnaimh, a thír chónaithe nó tríú tír eile a gcinneann an náisiúnach tríú tír lena mbaineann filleadh uirthi dá dheoin féin agus ina nglactar leis nó léi.**

## Airteagal 5

### *Seiceálacha laistigh den chríoch*

1. Cuirfidh na Ballstáit an scagadh i bhfeidhm ar náisiúnaigh tríú tír atá **ag fanacht go neamhdhleathach** [...] laistigh dá gcríoch i gcás nach bhfuil aon tasc gur thrasnaigh siad teorainn sheachtrach ar bhealach údaráithe chun dul isteach ar chríoch na mBallstát **ná gur cuireadh faoi scagadh cheana i mBallstát iad. Leagfaidh na Ballstáit síos ina ndlí náisiúnta forálacha chun a áirithiú go mbeidh na náisiúnaigh tríú tír sin faoi réir na n-údarás inniúil ar feadh ré an scagtha, chun aon riosca éalaithe agus aon rioscaí slándála a d'fhéadfadh teacht as sin a chosc.**
2. Féadfaidh na Ballstáit staonadh ón scagadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1 má chuirtear ar ais náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch, díreach tar éis a ghabhála, chuig Ballstát eile faoi chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó faoi chreat sonrach comhair. Sa chás sin, is é an Ballstát chuig ar cuireadh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar ais a chuirfidh an scagadh i bhfeidhm.

## Airteagal 6

### *Ceanglais maidir leis an scagadh*

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3, **go ginearálta**, déanfar an scagadh ag suíomhanna atá ag na teorainneacha seachtracha nó gar dóibh **nó i suíomhanna ainmnithe eile laistigh dá chríoch.**
2. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5, déanfar an scagadh ag aon suíomh iomchuí atá laistigh de chríoch Bhallstáit.
3. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3, déanfar an scagadh gan mhoill agus cuirfear i gcrích é laistigh de 5 lá ó lá na gabhála i limistéar na teorann seachtraí, ó lá na díbhordála i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann nó ón lá a chuir an duine é féin ar láimh ag an bpointe trasnaithe teorann. In imthosca eisceachtúla, i gcás inar gá do líon díréireach náisiúnach tríú tír dul faoi scagadh a chur i gcrích laistigh den teorainn ag an am céanna, agus nach féidir an scagadh a chur i gcrích laistigh den teorainn ama sin, is féidir an tréimhse 5 lá a fhadú go ceann 5 lá breise ar a mhéad.

Maidir leis na daoine dá dtagraítear in Airteagal 3(1)[...] a mbeidh feidhm ag [Airteagal [...] **13** (1) agus (3)] de **Rialachán (AE) XXX/XXXX [(EURODAC III)]** ina leith, i gcás ina bhfanann siad **ina dhiaidh sin** ag an teorainn sheachtrach go fisiciúil ar feadh os cionn 72 uair an chloig, beidh **feidhm ag an scagadh** agus laghdófar an tréimhse don scagadh go dtí dhá lá.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill maidir leis na himthosca eisceachtúla dá dtagraítear i mír 3. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas chomh maith a luaith a bheidh deireadh leis na cúiseanna a bhí ann le tréimhse an scagtha a fhadú.
5. Déanfar an scagadh dá dtagraítear in Airteagal 5 gan mhoill agus in aon chás cuirfear i gcrích é laistigh de [...] 5 lá ó dháta na gabhála.
6. Beidh an méid a leanas i gceist [...] leis an scagadh:
  - (a) [...] seiceáil leochaileachta dá dtagraítear in Airteagal 9;
  - (b) **réamhsheiceáil sláinte dá dtagraítear in Airteagal 9, ach amháin nár measadh i gcomhréir leis an Airteagal sin go raibh gá léi;**
  - (c[...]) an tsainaithint dá dtagraítear in Airteagal 10;
  - (d[...]) an clárú [...] in [...] **Eurodac** dá dtagraítear in Airteagal 14([...]5)], sa mhéid nach ndearnadh go fóill é;
  - (e[...]) seiceáil slándála dá dtagraítear in Airteagal 11;
  - (f[...]) [...] foirm **scagtha** a líonadh isteach dá dtagraítear in Airteagal 13;
  - (g[...]) tarchur chuig an nós imeachta iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 14.
7. Ainmneoidh na Ballstáit [...] na húdaráis **scagtha** [...] agus **áiritheoidh siad go n-úsáidfidh siad** baill foirne iomchuí agus acmhainní leordhóthanacha chun an scagadh a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil.

**Áiritheoidh** na Ballstáit go ndéanfaidh [...] foireann leighis cháilithe [...] an **réamhsheiceáil** sláinte dá bhforáiltear in Airteagal 9. Beidh na húdaráis náisiúnta cosanta leanaí agus na rapóirtéirí náisiúnta frithgháinneála **nó na sásraí coibhéiseacha** páirteach chomh maith, i gcás inarb iomchuí.

**Áiritheoidh na Ballstáit freisin nach mbeidh rochtain ar na bunachair sonraí dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 den Rialachán seo ach ag na húdaráis scagtha atá freagrach as céannacht a shainaithint nó a fhíorú agus as an tseiceáil slándála.**

Féadfaidh na [...] húdaráis **scagtha** cúnamh nó tacaíocht a fháil ó shaineolaithe nó oifigigh idirchaidrimh nó foirne arna n-imscaradh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] chun an scagadh a dhéanamh laistigh de shrianta a sainorduithe.

## Airteagal 6a - NUA

### Oibleagáidí náisiúnach tríú tír a chuirtear faoi scagadh

1. Cuirfidh na náisiúnaigh tríú tír atá le dul faoi scagadh iad féin faoi réir na n-údarás scagtha, fad a mhairfidh an scagadh, sna suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) chun na críche sin.
2. Oibreoidh siad i gcomhar leis na húdaráis scagtha maidir le gach gné den scagadh mar a leagtar amach in Airteagal 6(6), go háirithe, tríd an méid seo a leanas a sholáthar:
  - a) Ainm, dáta breithe, inscne agus náisiúntacht chomh maith le doiciméid agus faisnéis lenar féidir na sonraí sin a chruthú;
  - b) méarloirg agus íomhá den aghaidh mar a thagraítear dóibh i [Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX (Rialachán EUODAC III)].
3. Féadfaidh na Ballstáit foráil maidir le pionóis a ghearradh, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear san Airteagal seo. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

## Airteagal 7

### *Faireachán ar chearta bunúsacha*

1. Glacfaidh na Ballstáit forálacha ábhartha chun líomhaintí maidir le neamh-urraim na gceart bunúsach i ndáil leis an scagadh a fhiosrú.
2. Déanfaidh gach Ballstát [...] **foráil maidir le sásra faireacháin neamhspleách** [...] chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, [...] an Chairt um Chearta Bunúsacha **lena n-áirítear i ndáil le rochtain ar an nós imeachta tearmainn agus prionsabal an *non-refoulement***, le linn an scagtha [...].
  - [...]
  - [...]

[...]

Eiseoidh an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha treoir ghinearálta do na Ballstáit maidir leis an sásra faireacháin sin a bhunú agus a neamhspleáchas a áirithiú. [...].

[...]

## Airteagal 8

### *Faisnéis a sholáthar*

1. Cuirfear náisiúnaigh tríú tír atá le dul faoin scagadh ar an eolas ar bhealach gonta faoi [...]:
  - (a) **cuspoir, [...] módulachtaí agus gnéithe** an scagtha agus a bhféadfadh teacht as;
  - (b) cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír le linn an scagtha, lena n-áirítear an oibleagáid atá orthu fanacht sna saoráidí ainmnithe le linn an scagtha;
  - (c) **oibleagáidí na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 6A agus na hiarmhairtí mura gcomhlíontar na hoibleagáidí sin, lena n-áirítear na pionóis faoin dlí náisiúnta i gcás ina bhforálann na Ballstáit maidir leis sin.**
2. Le linn an scagtha, gheobhaidh siad freisin, eolas **gonta**, de réir mar is iomchuí, faoi na nithe seo a leanas:
  - (a) na rialacha is infheidhme maidir leis na coinníollacha iontrála do náisiúnaigh tríú tír i gcomhréir le Rialachán (Uimh.) 2016/399 [Cód Teorainneacha Schengen] agus maidir leis na coinníollacha eile maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí sa Bhallstát lena mbaineann, a mhéid nár tugadh an fhaisnéis sin cheana féin;
  - (b) **na rialacha is infheidhme maidir le hiarratas a dhéanamh [...] ar chosaint idirnáisiúnta [...] agus, i dtaca leo siúd a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu, an fhaisnéis ábhartha uile i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 604/2013 (Rialachán Bhaile Átha Cliath III) [...] chomh maith leis na nósanna imeachta a chuirfear i gcrích i ndiaidh iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta;**

- (c) an oibleagáid atá ar náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach filleadh i gcomhréir le **Treoir (AE) 2008/115/CE (Treoir um Fhilleadh)** [...];
  - (d) na féidearthachtaí chun clárú le clár a chuireann cúnamh lóistíochta, airgeadais agus ábhar eile nó cúnamh comhchineáil ar fáil chun tacú leis an imeacht deonach;
  - (e) na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht in athshocrú **i gcomhréir le sásra dlúthpháirtíochta atá ann cheana** [...];
  - (f) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679<sup>15</sup> [RGCS].
3. Is i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó a thabharfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil le linn an scagtha, nó i dteanga ar féidir glacadh leis ar bhonn réasúnta go bhfuil siad in ann í a thuiscint **nó, in aon chás, i gcúig cinn ar a laghad de na teangacha sin is minice a úsáideann nó a thuigeann imircigh neamhdhleathacha a thagann isteach sa Bhallstát lena mbaineann.** Is í scríbhinn a thabharfar an fhaisnéis, **nó i gcás inar gá chun go dtuigfidh an t-iarratasóir i gceart í, tabharfar ó bhéal í freisin, agus úsáid á baint as seirbhísí ateangaireachta i gcás inar féidir [...]. I gcás inar gá agus duine leochaileach i gceist, cuirfear ar fáil í ar bhealach iomchuí.** [...]
4. Féadfaidh na Ballstáit a údarú d'eagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha náisiúnta, idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha faisnéis a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír faoin airteagal seo le linn an scagtha de réir na bhforálacha arna mbunú leis an dlí náisiúnta. **Féadfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil freisin trí bhileoga arna n-ullmhú ag gníomhaireachtaí an Aontais, de réir mar is iomchuí.**

---

<sup>15</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016

## *Airteagal 9*

### *Réamhsheiceálacha sláinte agus leochaileachtaí*

1. Beidh rochtain ag náisiúnaigh tríú tír a chuirtear faoin scagadh dá dtagraítear in Airteagal 3 **ar chúram sláinte éigeandála agus ar chóir leighis riachtanach i gcás galair. Déanfar réamhsheiceáil sláinte orthu [...]** d'fhonn a aithint an bhfuil aon riachtanais cúraim **sláinte láithreach** acu nó an gá iad a leithlisiú ar fhorais sláinte poiblí [...] ach amháin i gcás ina measfaidh foireann leighis cáilithe **nó, de mhaolú air sin, in imthosca eisceachtúla, na húdaráis scagtha faoi mhaoirseacht na foirne leighis cáilithe**, bunaithe ar na himthosca a bhaineann le bail ghinearálta [...] **gach** náisiúnaigh tríú tír [...] lena mbaineann agus ar na forais chun é/í a tharchur chuig an scagadh, [...] nach bhfuil gá le haon **réamhsheiceáil sláinte** [...]. [...] **Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i gcás ina mbainfidh siad úsáid as an bhféidearthacht sin.**
2. [...] Maidir le náisiúnaigh tríú tír chuirfear faoi scagadh dá dtagraítear in Airteagal 3 **déanfar seiceáil leochaileachta orthu d'fhonn aon tásca leochaileachta a shainaithint. Is údarás scagtha ar ar cuireadh oiliúint chun na críche sin a dhéanfaidh an tseiceáil leochaileachta agus féadfaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha agus, i gcás inarb ábhartha, foireann leighis dá dtagraítear in Airteagal 6(7), cúnamh a thabhairt dó.**
3. I gcás ina bhfuil tásca leochaileachta ann [...], gheobhaidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann tacaíocht thráthúil leordhóthanach i bhfianaise a shláinte fisiciúla agus meabhraí. I gcás mionaoiseach, is pearsanra atá cuí-cháilithe agus cuí-oilte chun déileáil le mionaoisigh a thabharfaidh tacaíocht i gcomhar leis na húdaráis cosanta leanaí. **I gcás inar sainaithníodh go bhfuil gá le cúram sláinte láithreach, cuirfear an cúram sin ar fáil go pras. I gcás inar sainaithníodh go bhfuil gá le leithlisiú ar fhorais sláinte poiblí, déanfar na bearta sláinte poiblí is gá.**

[...]

## *Airteagal 10*

### ***Céannacht a shainaithint nó a fhíorú***

1. A mhéid nach ndearnadh go fóill é le linn chur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399, fíorófar agus bunófar céannacht náisiúnach tríú tír a chuirfear faoin scagadh de bhun Airteagail 3 nó 5, trí úsáid a bhaint as na[...] **sonraí** seo a leanas[...], **más infheidhme**:
  - (a) doiciméid chéannachta nó taistil nó doiciméid eile;
  - (b) sonraí nó faisnéis a chuirfidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar fáil nó a gheofar uaidh; agus
  - (c) sonraí bithmhéadracha, **lena n-áirítear íomhánna den aghaidh agus méarloing araon.**
2. Chun críoch na sainaitheanta nó **an fhíoraithe** [...], déanfaidh na húdaráis [...] scagtha cuardach, **agus úsáid á baint acu as na sonraí nó as an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1**, [...] sa stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/817, **i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) agus, i gcás inarb ábhartha, sna bunachair sonraí náisiúnta is infheidhme i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.** [...].
3. **Is sonraí bithmhéadracha a thógtar ar an bpointe boise ó náisiúnach tríú tír a úsáidfear le haghaidh cuardach sa stóras coiteann sonraí céannachta.** I gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha an náisiúnaigh tríú tír a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na sonraí sin dá dtagraítear i mír 2 **nó nach bhfaightear aon toradh**, déanfar an cuardach dá dtagraítear i mír 2 le sonraí céannachta an náisiúnaigh tríú tír i dteannta aon sonraí [...] doiciméid taistil nó doiciméid eile, nó le haon [...] sonraí **nó faisnéis [...] dá dtagraítear i mír 1(b).**
4. **Déanfar cuardaigh in SIS le sonraí bithmhéadracha i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2018/1862. Déanfar cuardach in SIS, i ngach cás, le sonraí céannachta an náisiúnaigh tríú tír i dteannta aon sonraí doiciméid taistil nó doiciméid eile nó le haon sonraí nó faisnéis dá dtagraítear i mír 1(b).**
5. Áiritheofar ar na seiceálacha, i gcás inar féidir, fíorú ar cheann amháin ar a laghad de na haitheantóirí bithmhéadracha atá ionchorpraithe in aon doiciméad céannachta, doiciméad taistil nó doiciméad eile.
6. **Tá an tAirteagal seo gan dochar do ghníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta d'fhonn céannacht an duine lena mbaineann a shuíomh.**

## Airteagal 11

### *Seiceáil slándála*

1. Na náisiúnaigh tríú tír a chuirtear faoin scagadh de bhun Airteagail 3 nó 5, déanfar seiceáil slándála orthu chun a fhíorú **an bhféadfaidís [...] an tslándáil inmheánach a chur i mbaol [...]**. Féadfar, leis an tseiceáil slándála sin, na náisiúnaigh tríú tír féin agus na rudaí atá ina seilbh acu a chumhdach. Beidh feidhm ag dlí an Bhallstáit lena mbaineann maidir le haon chuardach a dhéanfar.
  2. Chun an tseiceáil slándála dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, agus sa mhéid [...] nach ndearnadh í cheana le linn na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399, cuardóidh na **húdaráis scagtha [...] bunachair sonraí ábhartha an Bhallstáit agus an Aontais, go háirithe Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS),** lena n-áirítear liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal [...] **34** de Rialachán (AE) 2018/1240, an Córas Faisnéise Viosaí (VIS), córas ECRIS-TCN, [...] sonraí Europol a phróiseáiltear chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/794, **agus bunachair sonraí Interpol [...]** leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10(1) **nó le haon chéannacht a aimsítear agus an tsainaithint nó an fíorú dá dtagraítear in Airteagal 10 á dhéanamh.**
  - [...]3. [...] Beidh **cuardach** arna dhéanamh in EES, in ETIAS, **cé is moite de liosta faire ETIAS,** agus in VIS de bhun mhír [...] **2,** [...] teoranta do **dhiúltuithe iontrála,** [...] **cinntí [...]** údarú taistil [...] **a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm,** nó cinntí maidir le víosa nó cead cónaithe a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm **faoi seach,** ar diúltuithe iad sin a bhí bunaithe ar fhorais slándála.
- I gcás ina bhfaightear meaits in SIS, beidh rochtain ag an údarás scagtha a rinne an cuardach ar na sonraí go léir a stóráiltear in SIS a bhaineann leis an bhfoláireamh comhfhreagrach.**
- [...]4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagtar amach an nós imeachta mionsonraithe agus sonraíochtaí maidir le sonraí a aisghabháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

*Módúlachtaí le haghaidh seiceálacha céannachta agus slándála*

1. Maidir leis na cuardaigh dá dtagraítear in Airteagail 10(2) agus 11(2) a bhaineann le córais faisnéise an Aontais, sonraí Europol, **bunachair sonraí Interpol** agus CIR, féadfar iad a sheoladh trí úsáid a bhaint as an tairseach chuardaigh Eorpach i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (AE) 2019/817 agus le Caibidil II de Rialachán (AE) 2019/818<sup>16</sup>.
2. **I gcás amas de bhun Airteagail 10 nó 11, fíoróidh an t-údarás scagtha go gcomhfhreagraíonn na sonraí arna dtaifeadadh i gcórais faisnéise an Aontais nó Europol do na sonraí a spreag an t-amas.**
- [...]3. I gcás ina bhfaighfear meaits i gcomparáid le sonraí atá i gceann de na córais faisnéise de thoradh cuardach a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 11(2) [...], beidh rochtain ag na **húdaráis scagtha** [...] ar an gcomhad a chomhfhreagraíonn don mheaits sin sa chóras faisnéise faoi seach chun an comhad sin a cheadú agus, **gan dochar d'fhorálacha na mBallstát maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe**, an riosca slándála a chinneadh [...].
4. **Nuair a fhaightear amas tar éis cuardach in [...] SIS, déanfaidh na húdaráis inniúla na nósanna imeachta a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2018/1860, 2018/1861 nó 2018/1862 lena n-áirítear dul i gcomhairle, trí Bhiúrónna SIRENE, leis an mBallstát a d'eisigh an foláireamh.**
5. **I gcás ina gcomhfhreagraíonn náisiúnach tríú tír do dhuine a bhfuil a chuid sonraí ar taifead in ECRIS-TCN agus a bhfuil bratach curtha leis i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/816, ní fhéadfar na sonraí a úsáid ach amháin chun críoch na seiceála slándála dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo agus chun na taifid choiriúla náisiúnta a cheadú, a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 7c de Rialachán 2019/816. Ceadófar taifid choiriúla náisiúnta sula dtabharfar tuairim de bhun Airteagal 7c den Rialachán sin.**
- [...]6. I gcás ina bhfaighfear meaits i gcomparáid le sonraí Europol de bharr cuardach dá bhforáiltear in Airteagal 11(2 [...]), seolfar **fógra uathoibrithe, ina mbeidh na sonraí a úsáidtear le haghaidh an chuardaigh, chuig Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794** chun go gcuirfidh Europol in iúl, i gcás inar gá, an bhféadfadh riosca slándála a bheith ag baint leis an duine sin, **trí na bealaí cumarsáide dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/794.** [...]

<sup>16</sup> Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce, IO L 135, 22.5.2019, lch. 85.

7. **Déanfar [...] na cuardaigh dá bhforáiltear in Airteagal 11(2 [...]), i gcomhréir le hAirteagail 9(5) agus 72(1) de Rialachán (AE) 2019/817. I gcás nach féidir na cuardaigh sin a dhéanamh ar shlí nach nochtfar aon fhaisnéis d'úinéir fholáireamh Interpol, ní áireofar leis an scagadh cuardach i mbunachar sonraí Interpol [...].**
8. **Nuair a fhaightear amas i liosta faire ETIAS, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 35a de Rialachán (AE) 2018/1240.**
- 9.[...] Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun go sonrófar an nós imeachta maidir le comhar idir na húdaráis atá freagrach as an scagadh a dhéanamh, Biúróнна Náisiúnta Lárnacha Interpol[...] **agus** aonad náisiúnta Europol[...], faoi seach, chun an riosca **slándála** a chinneadh [...]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

### Airteagal 13

#### *[...] An fhoirm scagtha*

1. [...] **Le linn an scagtha agus ar a dhéanaí nuair a bheidh an scagadh curtha i gcrích, déanfaidh na húdaráis [...] scagtha, maidir leis na daoine dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 5, foirm [...] a chomhlánú [...] ina mbeidh, ar a laghad, na sonraí seo a leanas:**
- (a) ainm, dáta breithe agus áit bhreithe agus gnéas;
  - (b) [...] tuairisc ar a náisiúntacht nó ar an duine a bheith gan stát [...] agus na teangacha a labhraíonn an duine;
  - (c) **an chúis leis an scagadh;**
  - (d) **faisnéis, gan faisnéis leighis mhionsonraithe a áireamh, i gcás inarb infheidhme, faoi leochaileacht arna sainaithint le linn an scagtha, agus faoi sheiceálacha sláinte a rinneadh.**
  - (e) **an ndearna an náisiúnach tríú tír iarratas ar chosaint idirnáisiúnta;**
  - (f) **an bhfuarthas amas i gcomhréir le hAirteagal 11;**
  - (g) **ar chomhlíon an náisiúnach tríú tír a oibleagáid maidir le comhoibriú i gcomhréir le hAirteagal 6a.**

**Sonróidh sna húdaráis scagtha freisin an ndearna an duine lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a dheimhniú nó a dhearbhu agus an ndearnadh réamhsheiceáil sláinte ar an náisiúnach tríú tír.**

2. I gcás ina mbeidh fáil orthu, áireofar na sonraí seo a leanas:

([...]**a**) an chúis atá leis an teacht neamhúdaraíthe, an dul isteach neamhúdaraíthe agus, i gcás inarb iomchuí, an fanacht nó cónaí neamhdhleathach, lena n-áirítear faisnéis dearbhaithe nó daingnithe [...] **faoi aon bhaill teaghlaigh a bheith lonnaithe ar chríoch na mBallstát;**

([...]**b**) faisnéis a fuarthas faoi na bealaí taistil, lena n-áirítear an pointe imeachta, na háiteanna cónaithe roimhe sin, na tríú tíortha idirthurais agus na tíortha sin ina bhféadfadh sé go ndearnadh **iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** [...] nó inar tugadh an chosaint sin chomh maith leis an gceann scríbe beartaithe laistigh den Aontas **agus láithreach agus bailíocht aon doiciméad taistil agus aitheantais;**

[...]

(c) **Aon fhaisnéis ábhartha eile.**

3. **Déanfaidh na húdaráis scagtha aon fhaisnéis a fuair siad le linn an scagtha faoi chúnamh arna thabhairt ag duine nó eagraíocht don náisiúnach tríú tír maidir le trasnú neamhúdaraíthe na teorann, agus aon fhaisnéis ghaolmhar i gcásanna ina bhfuil amhras faoi smuigleáil nó gáinneáil ar dhaoine, a tharchur chuig na húdaráis inniúla.**

Airteagal 14

*[...] An scagadh a chur i gcrích*

**Ach a mbeidh an scagadh curtha i gcrích nó, ar a dhéanaí, nuair a rachaidh na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 6 in éag, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:**

1. Maidir leis na náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) d’Airteagal 3(1) den Rialachán seo **nach bhfuil iarratas** [...] ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu [...], déanfar iad a tharchur chuig na húdaráis inniúla chun [...] Treoir (AE) 2008/115/CE (an Treoir um Fhilleadh) a chur i bhfeidhm, **lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, nósanna imeachta i gcomhréir le hAirteagal 2(2)(a) den Treoir sin** [...].

[...]

Cuirfear an fhoirm dá dtagraítear in Airteagal 13 chuig na húdaráis ábhartha chuig a bhfuil an náisiúnach tríú tír á tharchur.

2. **I gcás** ina bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta ag na náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 3[...] agus Airteagal 5 [...], **tarchuirfear an fhoirm dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo, a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí nuair a bheidh sí líonta isteach, chuig na húdaráis inniúla faoin dlí náisiúnta chun an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú.**
- [...]
3. I gcás ina mbeidh an náisiúnach tríú tír le hathshocrú, tarchuirfear an náisiúnach tríú tír lena mbaineann chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann mar aon leis [...] **an bhfaisnéis** dá dtagraítear in Airteagal 13.
4. Leanfaidh na náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 5, nach bhfuil **iarratas ar** chosaint idirnáisiúnta **déanta acu** [...] de bheith faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE.
- [...]5. Maidir le náisiúnaigh tríú tír a mbíonn feidhm ag Rialachán AE Uimh. XXX/XXXX [Rialachán Eurodac III] maidir leo, tógfaidh na húdaráis [...] **scagtha** na sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear in Airteagail [10, 13, 14 agus 14a] den Rialachán (AE) sin agus tarchuirfidh siad i gcomhréir leis an Rialachán sin iad.
- [...]6. I gcás ina dtarchuirfear na náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal [...] 3(1) agus **Airteagal 5** [...] chuig an nós imeachta iomchuí um [...] **chosaint idirnáisiúnta**, [...] **ar nós imeachta é lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE (an Treoir um Fhilleadh), lena n-áirítear Airteagal 2(2)(a) di, nó i gcás inar seoladh an fhoirm dá dtagraítear in Airteagal 13 chuig na húdaráis sin maidir leis na náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 3(3) agus Airteagal 5, nó chuig údaráis ábhartha Ballstáit eile maidir le náisiúnaigh tríú tír atá le hathshocrú**, tiocfaidh deireadh leis an scagadh. I gcás nach gcuirfear na seiceálacha ar fad i gcrích laistigh de na spriocdhátaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus (5), beidh deireadh leis an scagadh mar sin féin i gcás an duine sin, a tharchuirfear chuig nós imeachta ábhartha. **I gcás inar gá, leanfaidh na seiceálacha a leagtar amach faoin Rialachán seo ar aghaidh laistigh den nós imeachta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha ina dhiaidh sin.**

7. I gcás ina ngabfar náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 3 nó Airteagal 5 faoi nósanna imeachta an dlí choiriúil i gcomhréir leis an dlí coiriúil náisiúnta, ní fhéadfar an scagadh a chur i bhfeidhm. Má cuireadh tús leis an scagadh cheana féin, seolfar an fhoirm dá dtagraítear in Airteagal 13, a léiríonn na cúinsí a chuir deireadh leis an scagadh, chuig na húdaráis atá inniúil maidir leis na nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir (CE) 2008/115/CE (an Treoir um Fhilleadh), nó, má rinne an náisiúnach tríú tír iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, chuig na húdaráis atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú.

#### *Airteagal 15*

##### *Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. **I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

#### *Airteagal 16*

##### *Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
  - ‘(2) Forchoimeádfar rochtain ar VIS chun na sonraí a cheadú go heisiach d’fhoireann chuí-údaraithe na n-eintiteas seo a leanas:
    - (a) údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus comhlachtaí de chuid an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 15 go 22, Airteagail 22g go 22m, agus Airteagal 45e;
    - (b) Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS, arna n-ainmniú de bhun Airteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2018/1240, chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 18c agus 18d den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2018/1240;
    - (c) na húdaráis [...] **scagtha**, arna n-ainmniú de bhun Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2020/XXX [an rialachán maidir le scagadh], chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 10 go 12 den Rialachán sin;

- (d) údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus comhlachtaí de chuid an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 20 agus 21 de Rialachán (AE) 2019/817.

Beidh an rochtain sin teoranta do rochtain ar na sonraí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na críocha sin agus leis na cuspóirí atá á saothrú.’

### *Airteagal 17*

#### *Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2226*

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2226 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6(1), cuirtear an pointe (k) seo a leanas isteach i ndiaidh pointe (j):

‘(k) tacú le cuspóirí an scagtha arna mbunú le Rialachán (AE) 2020/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>17</sup>, go háirithe maidir le seiceálacha dá bhforáiltear faoi **Airteagail 10 agus 12 de.**’

- (2) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

- (a) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 2:

‘2a. Beidh rochtain ag na húdaráis [...] **scagtha** dá dtagraítear in Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2020/XXX ar EES chun sonraí a cheadú.’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 4:

‘(4) Is ag foireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus foireann chuí-údaraithe ghníomhaireachtaí an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 20, Airteagal 20a agus Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/817 agus 2019/818 agus acu sin amháin a bheidh rochtain ar shonraí EES a stóráiltear in CIR. Beidh an rochtain sin teoranta don mhéid a bheidh riachtanach chun a gcúraimí a dhéanamh chun na gcríoch sin, agus i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú.’

---

<sup>17</sup> Féach fonóta an togra.

- (3) cuirtear Airteagal 24a seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 24:

*‘Airteagal 24a*

*Rochtain ar shonraí don tseiceáil sainaitheantais agus don tseiceáil slándála chun críoch scagtha*

1. Chun críoch céannacht duine a fhíorú nó a shuíomh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) XXX/YYYY (Scagadh) agus na seiceálacha slándála a dhéanamh de bhun Airteagal 11 agus 12 den Rialachán sin, [...] beidh rochtain ag **na húdaráis scagtha** dá dtagraítear in Airteagal 6(7) den Rialachán céanna sin ar shonraí EES a mhéid is gá chun bheith in ann cuardaigh a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) XXX/YYYY (Scagadh) sna sonraí a stóráiltear in EES i gcomhréir le pointí (a) go (d) d’Airteagal 16(1) agus le pointí (a) go (c) d’Airteagal 17(1) den Rialachán seo.
2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar de bhun mhír 1 go bhfuil sonraí maidir leis an duine sin á stóráil in EES, tabharfar rochtain do na húdaráis **scagtha** [...] dá dtagraítear i mír 1 ar na sonraí atá sa sainchomhad, ar na taifid ar dhul isteach/imeacht agus ar na taifid ar dhiúltú cead isteach atá nasctha leo.

Mura bhfuil aon sonraí bithmhéadracha san áireamh sa sainchomhad dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh na húdaráis **scagtha** [...] an rochtain sin a fháil ar shonraí bithmhéadracha an duine sin agus comhfhreagras a fhíorú in VIS i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’

- (4) in Airteagal 46(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Cuspóirí na rochtana dá dtagraítear in Airteagal 9 agus Airteagal 9(2a).’

*Airteagal 18*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1240*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1240 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) cur le hardleibhéal slándála trí fhoráil a dhéanamh maidir le measúnú críochnúil ar riosca slándála na n-iarratasóirí, sula dtiocfaidh siad chuig pointí trasnaithe teorann seachtraí, agus ar na ndaoine atá le dul faoi scagadh dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/XXX [an Rialachán maidir le Scagadh], chun a chinneadh an bhfuil táscairí fíriciúla nó forais réasúnacha ann atá bunaithe ar tháscairí fíriciúla lena theacht ar an tátal go bhfuil riosca slándála ann de dheasca an duine sin a bheith ar chríoch na mBallstát;’

- (2) I mír 2 d’Airteagal 8, cuirtear isteach pointe (h) nua seo a leanas:

(h) tuairimí a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 35a.

(3) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 4b seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 4a:

‘4b. Chun críocha Airteagail 10 go 12 de Rialachán (AE) XXX/YYYY (Scagadh), beidh an méid seo a leanas ag na húdaráis **scagtha** [...] dá dtagraítear **sa tríú fomhír d’Airteagal 6(7)** den Rialachán sin:

(a) rochtain ar na sonraí i Lárchóras ETIAS a mhéid is gá chun gur féidir cuardaigh a dhéanamh trí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(a) agus (b) den Rialachán sin a chur i gcomparáid leis na sonraí atá i gCóras Faisnéise ETIAS;

[...]

(b) rochtain ‘inléite amháin’ ar chomhaid iarratais ETIAS a stóráiltear i Lárchóras ETIAS **i gcás ina bhfaighfear meaits trí chuardach arna dhéanamh de bhun phointe (a), i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den Rialachán sin.**

[...]

**Má léirítear sa chuardach arna dhéanamh de bhun mhír 1 go bhfuil comhfhreagras idir na sonraí a úsáideadh don chuardach agus na sonraí arna dtaifeadadh ar liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 34, cuirfear Aonad Náisiúnta ETIAS nó Europol, i gcás inarb é a d’iontráil na sonraí ar liosta faire ETIAS, ar an eolas faoin gcomhfhreagras sin agus beidh siad freagrach as rochtain a fháil ar na sonraí ar liosta faire ETIAS agus as tuairim a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 35a den Rialachán seo.’**

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 5:

‘5. Ainmneoidh gach Ballstát na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 4 agus 4a den Airteagal seo, agus an [...] t-údarás **scagtha** dá dtagraítear in Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2020/XXX, agus cuirfidh siad liosta de na húdaráis sin in iúl do eu-LISA gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 87(2) den Rialachán seo. Sonrófar sa liosta sin an chríoch chuig a mbeidh rochtain ag foireann chuí-údaráithe gach údaráis ar na sonraí i gCóras Faisnéise ETIAS i gcomhréir le míreanna 1, 2, 4 agus 4a den Airteagal seo.’

- (4) cuirtear Airteagal 35a seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 35:

*‘Airteagal 35a*

Cúraimí **Aonad Náisiúnta ETIAS** agus Europol maidir le liosta faire ETIAS chun críoch nós imeachta an scagtha

1. Sna cásanna dá dtagraítear sa **dara fomhír** d'Airteagal 13(4b), cuirfidh Lárchóras ETIAS fógra uathoibrithe chuig **Aonad Náisiúnta ETIAS** nó chuig Europol tar éis **dóibh** na sonraí [...] a chur isteach **ar** liosta faire ETIAS.

**I gcás ina measann aonad Náisiúnta ETIAS nó Europol, arb é a chuir na sonraí isteach ar an liosta faire, go bhféadfadh an náisiúnach tríú tír atá le dul faoin scagadh a bheith ina bhaol don tslándáil inmheánach, tabharfaidh siad fógra láithreach do na húdaráis scagtha ábhartha agus tabharfaidh siad tuairim réasúnaithe don Bhallstát a dhéanann an scagadh, laistigh de 2 lá ón bhfógra a fháil, ar an modh seo a leanas:**

- (a) **cuirfidh aonaid náisiúnta ETIAS na húdaráis maidir le scagadh ar an eolas trí shásra slán, a bheidh le bunú ag eu-LISA, lena ndéanfar cumarsáide idir Aonaid Náisiúnta ETIAS ar thaobh amháin agus na húdaráis scagtha ar an taobh eile;**
- (b) **Cuirfidh Europol [...] na húdaráis scagtha ar an eolas trí úsáid a bhaint as na bealaí cumarsáide dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/794.**

**Mura dtugtar aon tuairim, ba cheart a mheas nach bhfuil aon riosca slándála ann [...].**

[...]

2. Beidh san fhógra/sna fógraí uathoibrithe dá dtagraítear i mír 1, na sonraí arna n-úsáid le haghaidh an chuardaigh dá dtagraítear in Airteagal **11(2)** de Rialachán (AE) xxxx/yyyy (Scagadh).’

- (5) in Airteagal 69(1), cuirtear an pointe (ea) seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (e):

‘(ea) i gcás inarb ábhartha, tagairt do chuardaigh i Lárchóras ETIAS chun críocha Airteagail 10 agus 11 de Rialachán (AE) XXX/YYYY (Scagadh), do na hamais a fuarthas agus do thorthaí an chuardaigh sin.’

## *Airteagal 19*

### *Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/817*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 mar a leanas:

**(1) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:**

**‘Údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, úsáidfí siad ESP chun sonraí a chuardach i lárchórais EES, VIS agus ETIAS ar sonraí iad a bhaineann le daoine nó lena ndoiciméid taistil i gcomhréir lena gcearta rochtana amhail dá dtagraítear sna hionstraimí dlí lena rialaítear córais faisnéise sin an Aontais agus sa dlí náisiúnta. Úsáidfí siad ESP freisin chun CIR a chuardach i gcomhréir lena gcearta rochtana faoin Rialachán seo chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagail 20, 20a, 21 agus 22.’**

**(2) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:**

**(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 1:**

*‘Bunaítear stóras coiteann sonraí céannachta (CIR), lena gcruthaítear sainchomhad le haghaidh gach duine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac nó ECRIS-TCN ina bhfuil na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18, chun ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 20a den Rialachán seo a éascú agus cabhrú leis, chun tacú le feidhmiú MID i gcomhréir le hAirteagal 21 agus chun rochtain ag na húdaráis ainmnithe agus ag Europol ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac a éascú agus a chuíchóiriú, i gcás inar gá an méid sin chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 22.’*

**(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 4:**

*‘I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla, de dheasca chliseadh CIR an stóras a chuardach chun duine a shainaithint de bhun Airteagal 20 nó chun céannacht duine a fhíorú nó a shuí de bhun Airteagal 20a den Rialachán seo ionas gur féidir ilchéannachtaí a bhrath de bhun Airteagal 21, nó chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú de bhun Airteagal 22, tabharfaidh eu-LISA fógra d’úsáideoirí CIR ar bhealach uathoibrithe.’*

(3) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

**‘Na húdaráis a dhéanann CIR a rochtain, déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir lena gcearta rochtana amhail faoi na hionstraimí dlí lena rialaítear córais faisnéise AE, agus faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na cearta rochtana atá acu faoin Rialachán seo chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagail 20, 20a, 21 agus 22.’**

(4) cuirtear Airteagal 20a seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 20:

*‘Airteagal 20a*

*Rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun sainaitheint a dhéanamh de réir Rialachán (AE) 2020/XXX*

1. Ba cheart don údarás **scagtha** [...] ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) yyyy/XXX (Scagadh) cuardaigh a dhéanamh in CIR chun céannacht duine a fhíorú nó a shuíomh de réir Airteagal 10 den Rialachán sin agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndearnadh an nós imeachta a thionscnamh i láthair an duine sin.
2. I gcás ina léireoidh an cuardach go bhfuil sonraí an duine sin stóráilte in CIR, beidh rochtain ag an [...] údarás **scagtha** ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) den Rialachán seo agus ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gceadú.’

(5) in Airteagal 24, [...]

(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 1:

**‘1. Gan dochar d’Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ná Airteagal 69 de Rialachán (AE) 2018/1240, coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile in CIR i gcomhréir le míreanna 2, 2a, 3 agus 4 den Airteagal seo.’**

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 2:

‘2a. De bhun Airteagal 20a, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile in CIR. Léireofar an méid seo a leanas sna logaí sin:

- (a) an Ballstát a sheol an cuardach;
- (b) cuspóir rochtana an úsáideora atá ag cuardach in CIR;
- (c) dáta agus am an chuardaigh;
- (d) na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;
- (e) torthaí an chuardaigh.’

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

**‘(5) Coimeádfaidh gach Ballstát logaí de chuardaigh a dhéanfaidh a údaráis agus foireann na n-údarás sin atá cuí-údaraithe CIR a úsáid de bhun Airteagail 20, 20a, 21 agus 22. Coimeádfaidh gach gníomhaireacht den Aontas logaí de chuardaigh a dhéanann a foireann chuí-údaraithe de bhun Airteagail 21 agus 22.’**

#### *Airteagal 20*

##### *Meastóireacht*

[3 bliana tar éis teacht i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo.]

Tráth nach luaithe ná [5] bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú[...].

#### *Airteagal 21*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**Beidh feidhm ag an Rialachán seo 18 mí tar éis a theacht i bhfeidhm.**

**Na forálacha a leagtar síos in Airteagail 10 go 12 a bhaineann le cuardaigh i gcórais faisnéise an Aontais, CIR agus an Tairseach Chuardaigh Eorpach, ní bheidh feidhm acu go dtí go dtiocfaidh na córais faisnéise ábhartha, CIR agus ESP i bhfeidhm.**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.